# ELeathanach 425

Dé Luain, an 28 Samhain 2022

## Margaí na Nollag ar fud na tíre

Beidh margaí na Nollag ag oscailt i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 8 Nollaig. Beidh siad ar oscailt go dtí an 21 Nollaig. Beidh go leor rudaí difriúla ar fáil sna margaí agus beidh 30 stalla ann.

Beidh ceol deas ann freisin. Beidh an cór "Sea of Change" agus Amhránaithe na nÓg ó Bhaile Átha Cliath ag canadh, chomh maith le cór na mBangardaí.

D'oscail margaí na Nollag i nGaillimh níos luaithe sa mhí. Anuraidh thug níos mó ná 350,000 duine cuairt ar na margaí sa chathair.

Bíonn margaí ar siúl ar fud na tíre. Bí ag faire amach do mhargadh i do cheantar féin.









## Damáiste i bhForaois na hAmasóine

Tá muintir na Brasaíle ag iarraidh stop a chur leis an damáiste atá á déanamh don Amasóin toisc go bhfuil sé ag déanamh damáiste don timpeallacht.

Bhí an ciste "Amazon Fund" ann chun cabhrú leis an tionscnamh ach cuireadh stop leis sa bhliain 2019. Ach, is cosúil go mbeidh tús leis an tionscnamh arís go luath.

Ar fud an domhain bíonn grúpaí difriúla ag iarraidh críoch a chur le dífhoraoisiú! Nuair a bhaineann daoine a lán crann d'aon ghnó, glaonn muid dífhoraoisiú air. Is drochrud é seo don timpeallacht toisc go bhfuil tionchar ag na crainn ar chaighdeán an aeir timpeall orainn.

## Eolaí Óg sna Stáit Aontaithe

Tá Leanne Fan ceithre bliana déag d'aois. Bhuaigh sí duais d'Eolaí Óg in San Diego, California, le déanaí. Chruthaigh sí **cluasáin** nua a chabhraíonn chun **ionfhabhtú cluaise** a leigheas.

Déanann na cluasáin scrúdú ar an gcluas agus aithníonn siad ionfhabhtú cluaise. Tá solas gorm sna cluasáin agus cuireann sé an ruaig ar bhaictéar chun an ionfhabhtú a leigheas.

Bhí costas íseal ar na cluasáin agus an aidhm atá ann ná go gcabhróidh siad le páistí a bhíonn pian chluaise orthu.

Bíonn an tinneas seo ar Leanne í féin agus ar a máthair go minic agus seans gur thug seo spreagadh di na cluasáin a fhorbairt.

Bhuaigh deirfiúr Leanne an comórtas céanna sa bhliain 2019!



Go minic, bíonn **ionfhabhtú cluaise** an-phianmhar



Leanne agus na **cluasáin**

Ollscoil Mhá Nuad

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,

Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta